



Comhairliúchán pobail

ar dhréacht-ráiteas phrionsabal na seirbhíse poiblí
do státseirbhísigh an AE

Réamhrá

Imscrúdaíonn an tOmbudsman Eorpach gearáin faoi dhrochriarachán i ngníomhaíochtaí institiúidí an AE¹. De thairbhe an taithí atá aige déileáil le gearáin agus de thairbhe na dteagmhálaithe atá aige leis na hinstitiúidí agus a bhfoirne, le saoránaigh, agus le heagraíochtaí sa tsochaí shibhialta, bhain sé de thátal as go mbeadh tairbhe le baint ag státseirbhísigh agus ag an bpobal dá mbeadh ráiteas simplí gairid ann de phrionsabail na seirbhíse poiblí do státseirbhísigh an AE². Tá **dréacht** ullmhaithe ag an Ombudsman ar a leithéid sin de ráiteas, agus ta sé ag iarraidh nótaí tráchta air sin.

Tá an dréacht dírithe ar, i measc nithe eile, an dea-chleachtas atá ann cheana féin sna Ballstáit a chuimsiú. Chun an cuspóir seo a chur chun cinn, chuaigh an tOmbudsman Eorpach i gcomhairle le hombudsmananna náisiúnta i Lónra Eorpach na nOmbudsmananna sular ullmhaíodh an dréacht. Tá an **doiciméad comhairliúcháin** a cuireadh chuig na hombudsmananna náisiúnta mar aon le **tuarascáil** ar a gcuid freagrachtaí ar fáil mar dhoiciméid chúlra.

Na cúiseanna le ráiteas de phrionsabail na seirbhíse poiblí a mholadh

I measc na n-aidhmeanna atá leagtha amach i *ráiteas misin* an Ombudsman Eorpaigh ná *“muinín a fhorbairt trí chomhphlé idir saoránaigh agus an tAontas Eorpach agus chun na caighdeáin is airde iompair in institiúidí an Aontais féin a chothú.”*

Tá sé mar aidhm ag an Ombudsman freisin *“tionchar a bheith againn ar chultúr riaracháin institiúidí an AE”* bheith aige (féach *Straitéis* an Ombudsman don sainordú).

Dréachtaíodh an ráiteas chun bunluachanna áirithe a shoiléiriú, agus ba chóir go mbeadh iompar státseirbhíseach an AE bunaithe ar na luachanna sin. Trí na luachanna sin a leagan amach go soiléir, tá sé mar aidhm ag an ráiteas muinín na saoránach sa státseirbhís Eorpach agus sna hinstitiúidí AE ar a bhfreastalaíonn sí a chur chun cinn.

¹ Baintear úsáid as an téarma “institiúid” anseo chun iad siúd ar a dtugtar go foirmiúil “institiúidí, comhlachtaí, oifigí, agus gníomhaireachtaí” i dteanga an AE a chuimsiú.

² Déantar tagairt sa téarma “státseirbhíseach” don fhoireann in institiúidí an AE. Tugtar “oifigigh agus seirbhísigh eile” go foirmiúil orthu i dteanga an AE.



Tá sé ceaptha go gcomhlánóidh an dréacht-ráiteas ionstraimí atá ann cheana féin, lena n-áirítear na *Rialacháin Foirne*, an *Rialachán Airgeadais*, agus an *Cód Eorpach um Dhea-iompar Riaracháin*, ina bhfuil rialacha agus prionsabail ginearálta a rialaíonn iompar na státseirbhíseach. Beidh sé mar chúnamh le státseirbhísigh chun díriú ar an spiorad inar chóir dóibh rialacha mionsonraithe inmheánacha institiúidí an AE a chur i bhfeidhm, a rialaíonn cúrsaí amhail glacadh bronnantas agus coimhlínt leasa. Dá bhrí sin, déanfaidh sé dea-riarachán a chur chun cinn agus tarlú de dhrochriarachán a laghdú.

An comhairliúchán pobail

Glactar le nótaí tráchta ar dhréacht-phrionsabail na seirbhíse poiblí ó dhaoine aonair agus ó eagraíochtaí.

Tá an tOmbudsman ag scríobh chuig institiúidí agus comhlachtaí an AE atá luaite in Alt 13 den Chonradh ar an Aontas Eorpach, agus chuig Líonra Cheannasaithe Ghníomhaireachtaí an AE chun iad a chur ar an eolas faoin gComhairliúchán Pobail.

Cuirfear gach nóta tráchta a gheofar faoin spriocdháta san áireamh agus ráiteas an Ombudsman Eorpaigh de phrionsabail na seirbhíse poiblí do státseirbhísigh an AE á dtabhairt chun críche.

Amhail gach institiúid an AE, ní mór don Ombudsman feidhmiú chomh hoscailt agus is féidir, agus spreagann a ráiteas misin follasacht. Foilseofar, mar sin, liosta na ndaoine agus na n-eagraíochtaí a chuireann nótaí tráchta isteach ar láithreán gréasáin an Ombudsman Eorpaigh. Beidh na nótaí tráchta féin inrochtana ag an bpobal ar iarratas.

Má tá cúis mhaith ann nár chóir d'ainm a fhoilsiú agus/nó nár chóir do nóta tráchta a chur ar fáil don phobal, mínigh an chúis sin le do thoil nuair a chuireann tú do nóta tráchta isteach.

Conas páirt a ghlacadh

Ní mór nótaí tráchta a sheoladh chuig an Ombudsman faoi 15 Bealtaine 2011

- trí litir: Ombudsman Eorpach, 1 avenue du Président Robert Schuman, CS 30403, F - 67001 Strasbourg Cedex, An Fhrainc;
- trí fhacs: +33 (0)3 88 17 90 62;
- trí r-phost: <http://www.ombudsman.europa.eu/shortcuts/contacts.faces>



Dréacht do chomhairliúchán pobail

Prionsabail do státseirbhísigh ar chóir bheith mar threoir do státseirbhísigh an AE*

Gealltanais don Aontas Eorpach agus dá shaoránaigh

Ba chóir go mbeadh tuiscint ag státseirbhísigh go bhfuil institiúidí an Aontais ann chun freastal ar leasanna an Aontais agus a shaoránach.

Ba chóir dóibh moltaí agus cinntí a dhéanamh chun freastal ar na leasanna sin, ní le haghaidh cuspóirí ar bith eile.

Ba chóir do státseirbhísigh a gcuid feidhmeanna a dhéanamh go feadh a gcumais agus iarracht a dhéanamh bheith mar shampla maith do dhaoine eile.

Sláine

Ba chóir do státseirbhísigh iompar a thaispeáint i gcónaí a sháródh scrúdú is dlúithe an phobail. Ní dhéantar é seo trí fheidhmiú laistigh den dlí amháin.

Níor chóir do státseirbhísigh iad féin a chur faoi aon ghealltanais airgeadais nó eile a d'fhéadfadh tionchar bheith aige ar fheidhmíocht a gcuid dualgas. Ní mór dóibh aon leasanna príobháideacha a bhaineann lena bhfeidhmíochtaí a chur in iúl.

Ní mór do státseirbhísigh gníomhartha a dhéanamh chun coimhlint leasa agus cuma dá leithéid sin de choimhlint leasa a sheachaint. Leanann an dualgas seo ar aghaidh i ndiaidh dóibh éirí as.

Maidir le costais agus liúntais a éileamh, ba chóir do státseirbhísigh bheith teoraithe ag mothúchán an chuibhis, in ionad bheith ag iarraidh a gcuid tairbhí a uasmhéadú.

Oibiachtúlacht

Ba chóir go mbeadh státseirbhísigh neamhchlaonta, teoraithe ag fianaise, agus sásta glacadh le dearcthaí éagsúla. Ba chóir dóibh bheith réidh botúin a aithint agus a cheartú.

* Déantar tagairt sa téarma "státseirbhíseach" d'fhoireann institiúidí, comhlachtaí, oifigí agus gníomhaireachtaí an AE. Tugtar "oifigigh agus seirbhísigh eile" go foirmiúil orthu i dteanga an AE.



Maidir le nósanna imeachta a bhaineann le measúnuithe comparáideacha, ba chóir do státseirbhísigh moltaí agus cinntí a bhunú ar fhiúntas agus ar aon fhachtóirí eile atá forordaithe go sainráite ag an dlí.

Níor chóir go mbeadh tionchar ar iompar gairmiúil státseirbhíseach, ag brath ar cé acu an maith leo nó nach maith leo duine áirithe.

Meas do dhaoine eile

Ba chóir go mbeadh meas ag státseirbhísigh ar a chéile agus ar shaoránaigh. Ba chóir dóibh bheith múinte, cabhrach agus comhoibríoch.

Follasacht

Ba chóir go mbeadh státseirbhísigh sásta a gcuid gníomhíochtaí a mhíniú agus cúiseanna lena gcuid gníomhaíochtaí a thabhairt. Ba chóir dóibh fáilte a chur roimh scrúdú an phobail ar a n-iompar, lena n-áirítear a gcomhlíonadh le prionsabail na seirbhíse poiblí.